# COMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH

# DUBLIN CITY COUNCIL

# CEADÚNAS CORRTHRÁDÁLA AONACH CAPALL MHARGADH NA FEIRME TÁILLE FODHLÍTHE 2013

**Déanann an tArd-Mhéara agus Comhaltaí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (dá ngairfear "An Chomhairle" anseo feasta) i bhfeidhmiú na gcumhachtaí feidhmiúcháin atá dílsithe dóibh ag an Acht Corrthrádála, 1995 agus ag na cumhachtaí reachtúla cumasaithe eile ar fad, déanann siad na fodhlíthe seo a leanas chun táille a cheapadh a bhaineann le ceadúnas le haghaidh corrthrádáil capall dóibh siúd ar mian leo capall nó capaill a thabhairt chuig Aonach Capall Mhargadh na Feirme.**

Tugtar de cumhacht don Chomhairle le hAlt 6 den Acht um Chorrthrádáil 1995 chun na fodhlíthe seo a leanas a dhéanamh maidir le hAonach Capall Mhargadh na Feirme, ar imeacht é a dtugtar cead isteach don phobal ann agus ina mbíonn corrthrádáil ar siúl.

Leis seo, déanann an Chomhairle, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dó na fodhlíthe seo a leanas chun táille a cheapadh do Cheadúnas Corrthrádála le haghaidh corrthrádáil capall ag Aonach Capall Mhargadh na Feirme.

## Cuid 1

### SAINMHÍNITHE

Sa bhrollach agus sna fodhlíthe iad féin beidh na bríonna seo a leanas ag na focail seo a leanas:

ciallaíonn “capall” beithíoch, capall, capaillín, asal, ráineach nó miúil;

ciallaíonn “Ceadúnas Corrthrádála” ceadúnas chun capaill a chorrthrádáil arna cheadú faoi Alt 4 den Acht um Chorrthrádáil 1995;

## Cuid 2

**Fo-Dhlíthe:-**

1. Luafar na fodhlíthe seo mar Fho-Dhlíthe Tháille Ceadúnais Corrthrádála Aonach Capall Mhargadh na Feirme 2013.

2. Tiocfaidh na fodhlíthe seo i bhfeidhm ar an 15 Feabhra 2013.

3. € 10 in aghaidh an chapaill is ea an táille cheaptha le haghaidh Ceadúnas Corrthrádála do dhuine ar mian leis/léi freastal ar Aonach Capall Mhargadh na Feirme in éineacht le capall nó capaill ag Aonach Capall Mhargadh na Feirme.

4. Beidh gá le Ceadúnas Corrthrádála ar leithligh do gach capall a choinnítear ag Aonach na gCapall.

**I LÁTHAIR** tráth a greamaíodh Séala

Corparáideach **CHOMHAIRLE CATHRACH**

**BHAILE ÁTHA CLIATH** de seo:-

Arna dhátú inniu an lá de 2013